www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2018

# Matamaitic

Aonad T5 Páipéar 2
**(Le háireamhán)**
Bonnsraith

**[GMT52]**

*GMT52*

**DÉARDAOIN 7 MEITHEAMH, 10.45am–11.45am**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na freagraí a scríobh sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach, ar leathanaigh bhána nó ar rianpháipéar**.
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí**.
Freagair **gach ceann** de na **trí** cheist **déag**.
Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin. Is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.
**Tá cead** agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.


**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Déanfar Eilimintí Feidhmeacha a mheasúnú sa pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **6**.
Ba chóir duit áireamhán, rialóir, compáis agus uillinntomhas a bheith agat.
Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.


www.xtrapapers.com

# Bileog Foirmlí

**Achar traipéisiam** $= \frac{1}{2}(a + b)h$





**Toirt phriosma** = achar trasghearrtha × fad




www.xtrapapers.com

**1**




Tarraing frithchaitheamh an chrutha seo sa líne scáthánach. [2]

**2**



Tógtar ceann amháin de na hocht ndúradán thuas go randamach.
Comhlánaigh gach ceann acu seo a leanas.

**(a)** **(i)** Is é __________ an líon iomlán poncanna is dóchúla ar an dúradán thógtha. [1]

**(ii)** An líon iomlán poncanna ar an dúradán thógtha, tá sé chomh dóchúil chéanna gurb é 2 nó __________ nó __________ é. [2]

**(b)** Cé acu is dóchúla, gur corruimhir nó ré-uimhir atá i líon iomlán na bponcanna?

Freagra __________ [1]

**(c)** Scríobh líon iomlán poncanna a bhfuil dóchúlacht nialasach aige.

Freagra __________ [1]

www.xtrapapers.com

**3** Is deachúil iontach beag é $d$ (níos lú ná 0.01).

Amharc ar na ceithre shlonn.

$$d + 100 \qquad 100 - d \qquad 100 \times d \qquad 100 \div d$$

**(a)** Cé acu díobh seo is mó? Freagra ____________ [1]

**(b)** Cé acu díobh seo is lú? Freagra ____________ [1]

**4** A B R A C A D A B R A

Tógtar litir amháin go randamach ón liosta thuas.


Bain úsáid as na litreacha A, B, C, E le dóchúlachtaí gach teagmhais a mharcáil ar an scála thíos.

A: an dóchúlacht go dtógfar A,

B: an dóchúlacht go dtógfar B,

C: an dóchúlacht go dtógfar C,

E: an dóchúlacht go dtógfar E.





[4]

[Tiontaigh an leathanach

www.xtrapapers.com

**5** 1 troigh = 12 orlach

**(a)** Bain úsáid as an eolas seo le 3 phointe a bhreacadh agus ansin tarraing graf tiontaithe.




[3]

**(b)** Thomhais Cory fad slí de 10.4 troigh.

Mínigh go soiléir an dóigh ar féidir leat **do ghraf a úsáid** lena fháil amach cá mhéad orlach é seo.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.**

**6** Tá Jill á tógáil ag Jack chuig bialann Indiach.

Déanfaidh Jack íocaíocht le hairgead tirim sa chás go bhfuil go leor airgead tirim aige. Mura bhfuil, déanfaidh sé íocaíocht le cárta creidmheasa.

Ordaíonn siad cúrsa tosaigh, príomhchúrsa agus mias tionlacain an duine ón bhiachlár thíos.

| **Cúrsa Tosaigh** | |
|---|---|
| Cloicheáin *Puri* | £3.95 |
| Oinniún *Bhagee* | £3.25 |
| Sicín *Pakora* | £3.75 |
| Beacán Gairleoige | £3.25 |
| Meascán *Tandoori* | £4.30 |

| **Príomhchúrsa** | |
|---|---|
| Sicín *Tandoori* | £9.95 |
| Uaineoil *Shalik* | £10.25 |
| Ríchloicheáin *Masala* | £10.45 |
| Sicín *Korma* | £8.75 |
| Glasraí *Biryani* | £7.25 |

| **Mias Tionlacain** | |
|---|---|
| Rís *Pilau* | £1.95 |
| *Naan* | £1.95 |
| *Chapati* | £1.85 |
| Sceallóga | £2.25 |
| Taobhshailéad | £1.70 |

Ordaíonn Jack Sicín *Pakora*, Ríchloicheáin *Masala* agus Rís *Pilau*.

Ordaíonn Jill Beacán Gairleoige, Glasraí *Biryani* agus *Naan*.

Tá £28 in airgead tirim ag Jack.

**(a)** An ndéanfaidh Jack íocaíocht le hairgead tirim nó le cárta creidmheasa?

**Ní mór duit do chuid oibre uilig a thaispeáint.**

Freagra _______________ [4]

www.xtrapapers.com

**(b)** Cad é mar a d'fhéadfadh Jack rud amháin san ordú **aige** a mhalartú leis an fhreagra in **(a)** a athrú?

_______________________________________________________________

_______________________________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**7** **(a)** Is slánuimhir ar bith é $n$ atá níos mó ná 2

Cad an cineál de shlánuimhir é 2n –3?

Freagra ____________________ [1]

**(b)** Is uimhir phríomha é A.

Is corruimhir é B.

Deir Orla go mbíonn A × B corr i gcónaí.

Tabhair frithshampla lena thaispeáint go bhfuil Órla mícheart.

Freagra A = ________, B = ________ [2]

www.xtrapapers.com

**8** Taistealaíonn Ruairí chun na hoibre ó Luan go hAoine.

Thig leis taisteal i gcarr nó ar an traein.

Bain úsáid as an fhaisnéis seo a leanas le cinneadh a dhéanamh ar an dóigh is saoire ar féidir leis taisteal.

| **Carr** | |
|---|---|
| Fad Slí | 56 míle (turas fillte) sa lá |
| Ídiú breosla | 8 míle an lítear |
| Costas Díosail | £1.14 an lítear |

| **Traein** | |
|---|---|
| Ticéad Fillte Seachtainiúil | £39 |
| Ticéad Fillte Laethúil | £9 |

**Taispeáin do chuid oibre uilig.**

Freagra ______________________________ [3]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com


**9** Oibríonn Clár i leabharlann agus rothaíonn sí ón bhaile ar luas foisteanach.

Fágann sí an baile ar 8.10 am.

Faigheann sí roth pollta i ndiaidh 30 nóiméad nuair atá sí 2 km ón bhaile.

Tógann sé 10 nóiméad an roth pollta a dheisiú.

**(a)** Taispeáin an fhaisnéis seo ar an ghraf maidir le turas Chláir.




[2]

**(b)** Tá an leabharlann 4 km ó theach Chláir.

Críochnaíonn Clár a turas ar mheánluas de 8 km/uair.


Taispeáin an chuid dheireanach dá turas ar an ghraf. [2]

**(c)** Cé chomh mall i ndiaidh 9 am a bhaineann sí an leabharlann amach?

Freagra _______ nóiméad [1]

www.xtrapapers.com

**10**




Ríomh achar dromchla **iomlán** an phriosma thriantánaigh seo.

Freagra _______ $cm^2$ [3]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**11** Déanann ardmháistir Ardscoil Ghleann an tSonais taifeadadh ar cá fhad a thógann sé ar na daltaí aige i mBliain 11 agus i mBliain 12 an scoil a bhaint amach.

| Am t (nóiméid) | Líon i mBliain 11 | Líon i mBliain 12 |
|---|---|---|
| $0 < t \leqslant 10$ | 15 | 17 |
| $10 < t \leqslant 20$ | 28 | 25 |
| $20 < t \leqslant 30$ | 34 | 40 |
| $30 < t \leqslant 40$ | 3 | 4 |

Tógann an t-ardmháistir dalta go randamach as Bliain 11

**(a)** Cad é an dóchúlacht go mbaineann dalta Bhliain 11 an scoil amach in 20 nóiméad nó níos lú?

Freagra _______ [2]

Ar ball, tógann an t-ardmháistir dalta amháin go randamach as Bliain 11 agus Bliain 12 go hiomlán.

**(b)** Cad é an dóchúlacht go mbaineann an dalta seo an scoil amach in 20 nóiméad nó níos lú?

Freagra _______ [2]

www.xtrapapers.com

Tá 450 dalta in Ardscoil Ghleann an tSonais.

**(c)** Déan meastachán ar líon na ndaltaí sa scoil seo a thógann níos mó na 30 nóiméad leis an scoil a bhaint amach.


**Taispeáin go soiléir an dóigh a bhfaigheann tú do fhreagra.**

Freagra _______ [3]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**12**




Cuir síos ina iomláine ar an chlaochlú aonair a bhogann triantán A go triantán B.

Freagra ______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**13** Roinneadh suim airgid idir Ann agus Brian sa chóimheas 3 : 7

Fuair Ann £30 níos lú ná Brian.

Cá mhéad a fuair gach duine?

Freagra Ann £ _________

Brian £ _________ [3]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

www.xtrapapers.com

# NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |

| **Marc Iomlán** | |
|---|---|

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.